**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (EU) Uimh. 2021/2019 ([1]) an chosantóra a neamhniú, sa mhéid is go ndéanann sé caiteachas áirithe a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh arna dtabhú ag ghníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe an iarratasóra faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) don chúis luaite a laige atá an sainmhíniú ar "fheirmeoir gníomhach – cuideachtaí bainteacha"; agus

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, lena líomhnaítear go bhfuil léirmhíniú an chosantóra ar Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ([2]) mícheart. I ndearcadh an iarratasóra, ní bhaineann Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ach amháin le híocaíochtaí díreacha chuig feirmeoirí (mar a shainítear in Airteagal 4 den Rialachán thuasluaite) a oibríonn an bonneagar nó na seirbhísí ábhartha iad féin. Áitíonn an t-iarratasóir gur chinn an cosantóir go mícheart mar:

— i. Nach bhfuil d'éifeacht ag foclaíocht agus brí Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 íocaíochtaí chuig feirmeoir a chosc díreach toisc go ndéanann eintiteas bainteach éigin gníomhaíocht atá ar liosta diúltach an airteagail sin.

— ii. Nach bhfuil bonn cuspóiriúil nó teileolaíoch le léirmhíniú an Choimisiúin ar Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, nach bhfuil de réir críocha an Airteagail sin.

([1]) IO 2021, L 413, lch. 3.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013, L 347, lch. 608).

## Caingean arna tabhairt an 16 Feabhra 2022 – Korporaciya "Masternet" v EUIPO – Stayer Ibérica (STAYER)

**(Cás T-85/22)**

(2022/C 158/14)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ZAO Korporaciya "Masternet" (Moscó, an Rúis) (ionadaí: N. Bürglen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Stayer Ibérica, SA (Pinto, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist:* An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "STAYER" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 498 395

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 16 Nollaig 2021 i gCás R 932/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 15 de Rialachán (EC) Uimh. 207/2009 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 25 Feabhra 2022 – An Ungáir v An Coimisiún Eorpach**

**(Cás T-104/22)**

(2022/C 158/15)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Ungáir (ionadaithe M. Z. Fehér agus G. Koós, Gníomhairí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an Choimisiúin an 14 Nollaig 2021, lena ndéantar athbhreithniú ar na hagóidí arna ndéanamh ag an Ungáir i gcoinne an nochtaithe, maidir leis an iarratas dearbhúcháin GESTDEM 2021/2808, arna chur isteach chun críche rochtain an phobail ar dhoiciméid arna mbunú san Ungáir a ráthú, a neamhniú.

— A ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Sa chinneadh atá faoi chonspóid, cheadaigh an Coimisiún rochtain pháirteach don phobail ar dhoiciméid arna n-iarraidh ag an iarratasóir, cé go raibh údaráis na hUngáire tar éis an eisceacht maidir le cosaint an phróisis cinnteoireachta dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 ([1]) a agairt go sonrach agus go raibh glactha ag an gCoimisiún léi sa chás seo go dtí go ndearnadh an t-iarratas dearbhúcháin.

Áitíonn Rialtas na hUngáire ní hamháin go bhfuil léirmhíniú an Choimisiúin sa chinneadh atá faoi chonspóid ar neamhréir leis an gcleachtas arna leanúint ag an gCoimisiún go dtí seo agus le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, ach go gcothaíonn sé, mar bharr ar sin, dochar tromchúiseach don chomhar idir an Choimisiún agus údaráis bhainistíochta na mBallstáit. Anuas ar fhorais chosanta Rialtas na hUngáire maidir le leasú na gclár oibríochtúil, áitítear go bhfuil próiseas cinnteoireachta ag institiúid de chuid an Aontais, a thagraíonn do thoiliú ón gCoimisiún, agus, maidir leis an bhforas seo, go bhfuil feidhm ag eisceacht Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 — tugann sé le fios go láidir gurb é sainiúlacht na n-imeachtaí seo, faoin gcreat comhchoiteann bainistíochta, ná go ndéantar cinneadh an Bhallstáit faoi dhianmhaoirseacht an Choimisiúin. Go foirmiúil, cé gur cinneadh de chuid údarás an Bhallstáit é, is léir go bhfuil tionchar follasach ag an gCoimisiún air, agus ar an gcúis sin, tá sé níos neamh-inghlactha arís nach dtugann an eisceacht thuasluaite cosaint do chinneadh den sórt sin. Tá an eisceacht dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001 beartaithe chun cinnteoireacht údaráis na mBallstát a chosaint freisin.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 30 Bealtaine 2001, maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO 2001, L 145, lch 43).

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2022 – Schneider v EUIPO – Frutaria Comercial de Frutas y Hortalizas (frutania)**

**(Cás T-109/22)**

(2022/C 158/16)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe sna himeachtaí**

*Iarratasóir:* Markus Schneider (Bonn, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Bergermann agus D. Graetsch, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)